



Coláiste Ailigh

Cnoc na Móna,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall

T 074 91 25943
F 074 91 25931
R colaisteailigh@donegaletb.ie

Príomhoide:
Micheál Ó Giobúin

www.colasteailigh.com



Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board

24 Deireadh Fómhair 2019

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
35 Cearnóg Fitzwilliam
Baile Átha Cliath 2
DO2 KH36

A Chara

Creidimid, pobal Choláiste Ailigh, Leitir Ceanainn, go bhfuil na hathruithe atá faoi chaibidil don tSraith Shinsearach nua, .i. go n-ísleofaí líon na n-ábhar agus/nó go mbeadh gach ábhar ina ábhar roghnach, baolach do thodhchaí na Gaeilge sa cheantar s'againne. Mar ghaelcholáiste, atá ag feidhmiú sa Ghalltacht agus atá ag freastal den chuid is mó ar chainteoirí Béarla, tá muid den tuairim láidir go gcuirfeadh athrú den chineál seo as go mór do stádas na Gaeilge i measc na scoláirí, agus go mbeadh sé deacair orainne daltaí a earcú chun tabhairt faoina gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge, dá ndéanfaí ábhar roghnach den Ghaeilge ag leibhéal na hArdteiste.

Aithnímid, mar phobal scoile, go bhfuil gá le leasuithe áirithe ar an churaclam, ach cibé athruithe a chuirfeadh i bhfeidhm, tá sé den rithábhacht go mbeadh siad dírithe ar an phobal Gaeilge a láidriú agus a bhuanú. Dá mbainfí an Ghaeilge de chroí an churaclaim, bheimis mar náisiún ag maíomh go bhfuil an Fhraincis, an Spáinnis nó an Fhoirgneolaíocht fiú ar comhchéim ó thaobh spriocanna agus cuspóirí náisiúnta na tíre is atá cultúr, saíocht agus teanga na Gaeilge.

Ar an ábhar sin, ní ceist acadúil amháin atá i gceist anseo, ach ceist atá i bhfad níos doimhne. Cad chuige an t-oideachas? An ar mhaithe le cúrsaí eacnamaíochta nó leis an innealltóireacht shóisialta sinn, nó an bhfuil spriocanna níos uailmhianaí againn? Creidimid i gColáiste Ailigh go bhfuil an fhorbairt agus an fhéiniúlacht chultúrtha fiorthábhachtach don duine, go háirithe agus an saol i ngreim ag an domhandú, mar atá san am i láthair. Má dhéanaimid an Ghaeilge a cheilt ar mhuintir óg na tíre sna blianta amach romhainn, beidh éagóir a imirt againn ar na glúine atá fós le teacht.

Impímid, mar sin, go ndéanfaí an curaclam a leasú le go mbeidh sé níos éifeachtaí, ach gan an tseoid chultúrtha atá againn mar phobal, an Ghaeilge, a imeallú.

Is mise le meas

Micheál Ó Giobúin
MICHEÁL Ó GIÓBÚIN,
RÚNAÍ, BORD BAINISTÍOCHTA,
COLÁISTE AILIGH